

6. Tionchar an Bhéarla; Béarlú na logainmneacha dúchasacha

Béarlú na logainmneacha dúchasacha

Tá bunús Gaeilge le formhór na logainmneacha sa tír seo, go háirithe logainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí, na mbailte fearainn agus na bpríomhghnéithe geografacha. Ach de bharr cúrsaí staire, agus meath na Gaeilge go háirithe, tháinig an chuid is mó de na logainmneacha aníos chugainn de réir litriú an Bhéarla. Fágann sin go bhfuil brí cuid mhaith de na logainmneacha faoi cheilt san fhoirm Bhéarla.

Rinne na Sasanaigh athghabháil ar Éirinn sa séú haois déag agus ag tús an tseachtú haois déag. Thóg siad an talamh ó na Gaeil agus níor ghlac siad leis na logainmneacha Gaeilge.

Chuir na lonnaitheoirí nua seo Béarla ar na logainmneacha Gaeilge agus bhí na logainmneacha Béarla sin in úsáid acu i gcúrsaí dlí agus i gcúrsaí riaracháin na tíre. Lean na Gaeil ar aghaidh ag baint úsáide as na bunfhoirmeacha Gaeilge de na logainmneacha áfach go ceann tamaill fhada ina dhiaidh sin.

D'úsáid na lonnaitheoirí trí bhealach chun Béarla a chur ar logainmneacha Gaeilge: traslitríú, aistriúchán agus cumadóireacht.

Traslitríú

Ciallaíonn traslitríú gur chuir na lonnaitheoirí litriú Béarla ar na logainmneacha Gaeilge bunaithe ar fhuaim na logainmneacha Gaeilge. Seo an cur chuige is mó a d'úsáid siad chun Béarla a chur ar logainmneacha Gaeilge. Seo a leanas roinnt samplaí:

Gaeilge	Béarla
Ardach	Ardagh
Dún Aille	Doonally
Baile an Aird	Ballinard
Bántír	Banteer
Glasbhánta	Glasvaunta
Gleann Bhairr	Glenvar
Maigh Bhealaigh	Moyvally
Bearna	Barna
Lios Dúin Bhearna	Lisdoonvarna
Baile an Bhóthair	Ballinvoher
Buaile na Cásca	Booleanacausk

Is féidir linn foghlaim faoi athruithe a tharla thar na blianta i bhfuaimniú an dá theanga trí staidéar a dhéanamh ar logainmneacha traslitrithe.

Bíonn an logainm céanna Gaeilge ag níos mó ná áit amháin uaireanta. Mar shampla, tá **Tamhlacht** sna contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Aontroim, Fear Manach, Tír Eoghain, Ciarraí agus Muineachán. Rinne na lonnaitheoirí iarracht an litriú Béarla céanna a úsáid i gcásanna nuair a bhí an logainm céanna Gaeilge i níos mó ná áit amháin sa tír. Ach níor éirigh leo sin a dhéanamh i gcónaí. Léiríonn na samplaí seo a leanas na mírialtachtaí litrithe. Feicfidh tú mar shampla go bhfuil ceithre fhoirm Bhéarla sa tír den logainm Gaeilge **Tamhlacht**.

6. Tionchar an Bhéarla; Béarlú na logainmneacha dúchasacha

Gaeilge	Béarla
Tamhlacht	<i>Tallaght</i> (Baile Átha Cliath), <i>Tamlaght</i> (Aontroim, Fear Manach, Tír Eoghain), <i>Tawlaght</i> (Ciarraí), <i>Tamlat</i> (Muineachán)
An Eaglais	<i>Aglis</i> (Port Láirge, Tiobraid Árann), <i>Eglis</i> (Tír Eoghain)
Domhnach Mór	<i>Donaghmor</i> (An Dún, Laois, Tír Eoghain), <i>Dunnamore</i> (Tír Eoghain), <i>Donoughmore</i> (Corcaigh)
Cill an Dísirt	<i>Killadysert</i> (An Clár, Dún na nGall), <i>Killadiskert</i> (Liatroim)
Cill Shléibhe	<i>Killevy</i> (Ard Mhacha), <i>Killea</i> (Tiobraid Árann)
An Mullach Bán	<i>Mullaghbawn</i> (Ard Mhacha), <i>Mullaghbaun</i> (Liatroim), <i>Mullabane</i> (Lú), <i>Mullaghbane</i> (Muineachán)
Goirtín	<i>Gurteen</i> (Liatroim), <i>Gorteen</i> (Sligeach)
Cros Doire	<i>Crossderry</i> (An Clár, Gaillimh), <i>Crushterra</i> (Corcaigh)
Cill Chreagáin	<i>Kilcraggan</i> (Cill Chainnigh), <i>Kilcreggane</i> (Port Láirge)
Coillte	<i>Keelty</i> , <i>Quilty</i> (An Clár)

Aistriúchán

D'aistrigh na **lonnaitheoirí** logainmneacha Gaeilge go Béarla freisin. Seo a leanas roinnt samplaí:

Gaeilge	Béarla
Cluain Eochrach	<i>Keyfield</i>
Coill an Airgid	<i>Silverwood</i>
Cuan na gCaorach	<i>Sheephaven</i>
Dún an Rí	<i>Kingscourt</i>
Tamhnaigh Naomh	<i>Saintfield</i>
Droim Samhraidh	<i>Summerbank</i>
Mainistir na Féile	<i>Abbeyfeale</i>
Buaile na Cásca	<i>Easterfield</i>

Uaireanta feicimid **foirmeacha** Béarla traslitrithe agus aistrithe de na logainmneacha céanna Gaeilge:

Gaeilge	Béarla
An Cnoc Breac	<i>Truthill</i> or <i>Knockbrack</i> (Maigh Eo)
Baile an Ghabhann	<i>Ballygowan</i> (Luimneach, Ciarraí); <i>Smithstown</i> (Cill Chainnigh)
Clais an Ghainimh	<i>Clashaganniv</i> (Lú), <i>Sandpit</i> (Lú), <i>Sandholes</i> (Tír Eoghain)
An Chois	<i>Cush</i> (Luimneach), <i>The Foot</i> (Ciarraí, Gaillimh)
An Pháirc Mhór	<i>Parkmore</i> (Luimneach), <i>Bigpark</i> (Tiobraid Árann)
Poll an Chapaill	<i>Horse Hole</i> or <i>Pollahopple</i> (Gaillimh)
An Teampall Nua	<i>Templenoe</i> (Corcaigh, Tiobraid Árann), <i>Newchurch</i> (Cill Chainnigh)
An Caisleán Gearr	<i>Castlegar</i> (Gaillimh), <i>Shortcastle</i> (Tiobraid Árann)
Rua-oileán	<i>Roeillaun</i> , Red Island (Gaillimh)
Gort Lomán	<i>Gortlumman</i> or <i>Barefield</i> (An Clár)

6. Tionchar an Bhéarla; Béarlú na logainmneacha dúchasacha

Uaireanta feicimid meascán de **thraslitríú** agus d'aistriúchán fiú taobh istigh d'aon logainm amháin:

Tigh an Chnoic / Knockhouse (Port Láirge)

Ceann an Dúna / Doon Point (Ciarraí)

Ard Pádraig / Ardpatrick (Lú)

Gleann Chaisil / Glencastle

Cumadóireacht

Uaireanta, níor bhac na **lonnaitheoirí** leis na logainmneacha Gaeilge agus chum siad a logainmneacha Béarla féin.

Tá logainmneacha a chum na lonnaitheoirí réasúnta coitianta. Baineann an chuid is mó de na samplaí reatha atá le fáil leis an ochtú haois déag, .i. ní fada ó cumadh iad. Tá níos mó samplaí le fáil áfach i **gceantar** na Páile san oirthear agus téann samplaí áirithe siar go dtí an tréimhse roimh 1350.

An sampla is coitianta de na logainmneacha a chum na lonnaitheoirí ná '**ainm duine + town**'. Seo roinnt samplaí: *Palmerston* (in onóir do Ailred the Palmer, fear a chuaigh ar an gcrosáid), *Blanchardstown*, *Mitchelstown*, *Craddockstown*, *Blakestown*, *Bellewstown*, *Brownstown*, *Edgeworthstown*, *Cookstown*, *Thomastown*, *Manorhamilton*.

Is **leid** í an mhír 'Newtown' ag tús logainm gur logainm é a cumadh sa Bhéarla. Seo roinnt samplaí: *Newtownards* (An Dún), *Newtown Stewart* (Tír Eoghain), *Newtown Forbes* (An Longfort).

Is leid eile í an mhír 'Borough' gur logainm é a chum na lonnaitheoirí, ar nós *Maryborough* an logainm a bhí ar **Port Laoise** tráth.

An tSuirbhéireacht Ordanáis agus caighdeánú logainmneacha

Thosaigh an tSuirbhéireacht Ordanáis an chéad mhórshuirbhé Ordanáis in 1824. Ba é an chéad **sprioc** a bhí acu ná **luacháil** na talún. Ó thaobh na logainmneacha de is é an sprioc a bhí acu ná **litriú amháin** Béarla de gach logainm a chur ar **léarscáil** nua. Bhí siad chun sraith léarscáileanna ar scála sé orlaí sa mhíle, nó 1:10,560, a chruthú. B'fhadhb í don tSuirbhéireacht Ordanáis nach raibh gach dream ag úsáid an litrithe chéanna ar na bailte fearainn agus ar na **mionainmneacha** sa tír ag an am.

Beartaíodh gur chóir don tSuirbhéireacht Ordanáis **taighde** a dhéanamh ar bhunfhoirmeacha Gaeilge de logainmneacha. Bhí sé i gceist ag an tSuirbhéireacht ansin **foirm** amháin Bhéarla de gach logainm a roghnú don léarscáil, bunaithe ar na bunfhoirmeacha Gaeilge. Is é an t-ainm atá ar an gcineál sin taighde ná '**obair pháirce**' mar bhí orthu dul amach ar fud na tíre ag labhairt le muintir na háite, go háirithe leis na daoine a raibh Gaeilge fós á labhairt acu. Bhí orthu na logainmneacha Gaeilge a scríobh síos agus eolas breise freisin, mar shampla **brí** na logainmneacha, eolas faoin suíomh, **seanleaganacha** de logainmneacha srl. Bhí an obair pháirce seo úsáideach don rialtas mar chabhraigh an t-eolas leo litriú na logainmneacha Béarla a shocrú don léarscáil agus chabhraigh sé leo freisin eolas a chur ar **leagan amach** na tíre.

Fuair an tSuirbhéireacht amach gan mhoill áfach nach raibh oifigigh Arm na Breataine in ann an obair pháirce sin a dhéanamh i gceart. Ní raibh **dóthain** eolais acu ar an nGaeilge. Ach bhí scoláirí Éireannacha **den scoth** ann ag an am agus ba chainteoirí dúchais Gaeilge iad freisin. Mar sin, fostaíodh iad chun an obair pháirce a dhéanamh. Beirt de na scoláirí a rinne an obair pháirce ab ea Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí.

Obair **nuálaíoch** a bhí ar siúl acu agus chuir siad na logainmneacha Gaeilge a bhailigh siad agus an t-eolas breise i leabhar nótaí darbh ainm "Ainmleabhar na Suirbhéireachta Ordanáis". Chuir siad na logainmneacha

6. Tionchar an Bhéarla; Béarlú na logainmneacha dúchasacha

Gaeilge a bhailigh siad i gcomparáid le fianaise na lámhscríbhinní dúchasacha. Tháinig siad ar bhunús na logainmneacha, chomh fada agus ab fhéidir sin. Mhol Seán Ó Donnabháin foirmeacha Béarla de na logainmneacha bunaithe ar an eolas ar fad a bhí bailithe acu. Cuireadh ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis iad. Is é litriú na Suirbhéireachta Ordanáis an litriú oifigiúil de na logainmneacha Béarla ó shin i leith. Níor chuir siad an litriú Gaeilge ar na léarscáileanna.

Ní raibh go leor náisiúnaithe, mar shampla Tomás Dáibhis agus Dubhghlas de hÍde, sásta ar chor ar bith leis an obair a rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis.

[Déanann Brian Friel cur síos ar an obair thuas ina dhráma *Translations*].

Gaelú logainmneacha

Tá logainmneacha Béarla á nGaelú ón gceathrú haois déag ar aghaidh. An raibh a fhios agat go raibh *Queen's County* againn ar Chontae Laoise agus *King's County* againn ar Chontae Uíbh Fhailí tráth? Athraíodh go **Laois** agus **Uíbh Fhailí** i dtosach an fichiú haois iad. Cuireadh *Kingstown* ar *Dunleary* nuair a thug Rí Seoirse IV cuairt ar an mbaile in 1821. Athraíodh go **Dún Laoghaire** é in 1921. Cuireadh *Queenstown* ar **An Cóbh** in 1849 mar chomórath ar chuairt ón mBanríon Victoria. Athraíodh ar ais go dtí **An Cóbh** é in 1922 tar éis bunú Saorstát Éireann.

Seo roinnt samplaí eile de Ghaelú logainmneacha:

Ainm Béarla	Gaelaithe go...	Contae
<i>Peppardstown</i>	Baile Bhriodúnach	Tiobraid Árann
<i>Cruicetown</i>	Baile an Chrúisigh	An Mhí
<i>Danestown</i>	Baile an Dainigh	An Mhí
<i>Peacockstown</i>	Baile an Phéacógaigh	An Mhí
<i>Proudfootstown</i>	Baile an Phrútartaigh	An Mhí
<i>Milestown</i>	Baile Mhílis	An Mhí
<i>Ricetown</i>	Baile Rís	An Mhí
<i>Tankardstown</i>	Baile Thancaird	An Mhí
<i>Gaulstown</i>	Gallastún	An Mhí
<i>Mooretown</i>	Múrtún	An Mhí
<i>Pontoon</i>	Pontún	Maigh Eo
<i>Whigsborough</i>	Baile na bhFuigeanna	Uíbh Fhailí
<i>Castlehamilton</i>	Caisleán an Hamaltúnaigh	An Cabhán
<i>Sunville</i>	Baile Gréine	Luimneach
<i>Barringtonsbridge</i>	Droichead Barrington	Luimneach
<i>Johnstown</i>	Baile Sheáin	Baile Átha Cliath
<i>Gainestown</i>	Baile Ghéin	An Iarmhí
<i>Deerpark</i>	Páirc na bhFianna	Cill Mhantáin
<i>Broadfield</i>	An Gort Leathan	Cill Dara
<i>Mornington (Marinerston tráth)</i>	Baile Uí Mhornaín	An Mhí

6. Tionchar an Bhéarla; Béarlú na logainmneacha dúchasacha

CEAHTANNA

Freagair na ceisteanna

An tSuirbhéireacht Ordanáis agus caighdeánú logainmneacha

1. Cathain a rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis an chéad mhórshuirbhé?

.....

2. Cad é an chéad sprioc a bhí acu maidir leis an mórshuirbhé?

.....

3. Cén sprioc a bhí acu ó thaobh na logainmneacha de?

.....

4. Cén fhadhb a bhí ag an tSuirbhéireacht Ordanáis ag an am?

.....

5. Cén fáth a raibh an obair pháirce úsáideach don Rialtas? (**Leid:** tá dhá chúis ann).

.....

6. Luaigh beirt a rinne an obair pháirce.

.....

7. Luaigh beirt nach raibh sásta le hobair na Suirbhéireachta Ordanáis?

.....

Gaelú logainmneacha

8. Cén t-ainm a bhí ar Chontae Uíbh Fhailí tráth?

.....

9. Cén t-ainm a bhí ar Chontae Laoise tráth?

.....

10. Cén t-ainm a cuireadh ar **An Cóbh** in 1849 mar chomóradh ar chuairt ón mBanríon Victoria?

.....

11. Cén t-ainm a cuireadh ar *Dunleary* nuair a thug Rí Seoirse IV cuairt ar an mbaile in 1821?

.....

6. Tionchar an Bhéarla; Béarlú na logainmneacha dúchasacha

CEACHTANNA

Cén modh aistriúcháin atá i gceist leis na logainmneacha sa tábla thíos. Cuir tic sa cholún ceart. Tá dhá cheann déanta duit mar shamplaí:

	Traslitriú	Aistriúchán
Boirinn / Burren	√	
An Linn Ghorm / Bluepool		√
Oileán na gCoiníní / Rabbit Island		
Dúras / Dooros		
Teallach Ghairbhíth / Tullygarvey		
An Chloch Fhada / Longstone		
Pobal Bhriain / Pubblebrien		
Maigh Dara / Madara		
Oileán an Rí / King's Island		
An tSeanchúirt / Oldcourt		
Coill an Rí / Kingswood		